# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1042 ÓN gCOIMISIÚN

**an 18 Meitheamh 2021**

**lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí agus nósanna imeachta teicniúla le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 a bhaineann le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí ([1]), agus go háirithe Airteagal 13i(5) agus Airteagal 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/884 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach na sonraíochtaí agus na nósanna imeachta teicniúla is gá le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár arna bhunú le Treoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a códaíodh agus a aisghaireadh le Treoir (AE) 2017/1132. Tugadh isteach tuilleadh nósanna imeachta le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár ina dhiaidh sin i dTreoir (AE) 2017/1132 le Treoir (AE) 2019/1151 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Leagadh amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244 ón gCoimisiún ([5]) na sonraíochtaí agus na nósanna imeachta teicniúla comhfhreagracha agus rinneadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/884 a aisghairm. Ar deireadh, tugadh isteach nósanna imeachta nua le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár i dTreoir (AE) 2017/1132 le Treoir (AE) 2019/2121 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) mar aon le ceanglas ar an gCoimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina leagtar amach na sonraíochtaí agus na nósanna imeachta teicniúla comhfhreagracha faoin 2 Iúil 2021.

(2) Is gá sonraíochtaí teicniúla a leagan síos lena saineofar na modhanna chun faisnéis a mhalartú idir clár na cuideachta agus clár an bhrainse i gcás ina ndéanfar brainse a oscailt nó a dhúnadh nó nuair a thiocfaidh athruithe ar shonraí agus ar fhaisnéis na cuideachta.

(3) Is gá a shonrú céard ba cheart a bheith sa liosta mionsonraithe sonraí agus faisnéis á cur ar fáil idir clár na cuideachta agus clár an bhrainse chun malartú éifeachtúil sonraí a áirithiú.

(4) Is gá an nós imeachta agus na ceanglais theicniúla maidir leis na pointí rochtana roghnacha chun an Coimisiún nó institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a nascadh leis an ardán a bheith sonraithe chun rialacha comhsheasmhacha a áirithiú maidir le pointí rochtana den sórt sin a bhunú.

([1]) IO L 169, 30.6.2017, lch. 46.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/884 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2015 lena mbunaítear na sonraíochtaí agus na nósanna imeachta teicniúla is gá le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár arna bhunú le Treoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 144, 10.6.2015, lch. 1).

([3]) Treoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le comhordú coimircí a cheanglaíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 48 den Chonradh, ar mhaithe le leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe a chosaint, d'fhonn na coimircí sin a dhéanamh coibhéiseach (IO L 258, 1.10.2009, lch. 11).

([4]) Treoir (AE) 2019/1151 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí (IO L 186, 11.7.2019, lch. 80).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí agus nósanna imeachta teicniúla le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/884 ón gCoimisiún (IO L 439, 29.12.2020, lch. 1).

([6]) Treoir (AE) 2019/2121 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann (IO L 321, 12.12.2019, lch. 1).

(5) Maidir le malartú faisnéise faoi stiúrthóirí dícháilithe a bunaíodh le Treoir (AE) 2019/1151, is gá socruithe mionsonraithe agus mionsonraí teicniúla a leagan síos chun malartú éifeachtach éifeachtúil agus pras faisnéise a áirithiú.

(6) Is gá a shonrú céard ba cheart a bheith sa liosta mionsonraithe sonraí atá le tarchur chun faisnéis a mhalartú idir cláir agus chun críoch nochta dá dtagraítear in Airteagail 86g, 86n, 86p, 123, 127a, 130, 160g, 160n agus 160p de Threoir (AE) 2017/1132, chun malartú éifeachtúil sonraí in oibríochtaí trasteorann a áirithiú.

(7) Ba cheart na nósanna imeachta agus na sonraíochtaí teicniúla uile le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár a cheanglaítear le Treoir (AE) 2017/1132 a áireamh i Rialachán Cur Chun Feidhme aonair chun soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244 a aisghairm agus na sonraíochtaí agus na nósanna imeachta teicniúla a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin a áireamh sa Rialachán seo.

(8) Tá aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo faoi réir Rialacháin (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), de réir mar is infheidhme.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 10 Márta 2021.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Idirnascadh na gClár Lárnach, Tráchtála agus Cuideachtaí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá na sonraíochtaí agus na nósanna imeachta teicniúla le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Threoir (AE) 2017/1132 leagtha amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244.

Déanfar tagairtí don Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/884 aisghairthe agus do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([7]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([8]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Sonraíochtaí agus nósanna imeachta teicniúla**

Nuair a dhéantar tagairt san Iarscríbhinn seo do "cláir", is ceart a thuiscint gur "cláir lárnacha, tráchtála agus cuideachtaí" iad.

Tagraítear do chóras idirnascadh na gclár mar "Córas Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS)" san Iarscríbhinn seo.

1. **Modhanna cumarsáide**

Bainfidh BRIS úsáid as modhanna cumarsáide leictreonaí bunaithe ar sheirbhísí, amhail seirbhísí Gréasáin, ar mhaithe le hidirnascadh na gclár.

An chumarsáid idir an tairseach agus an t-ardán, agus idir clár agus an t-ardán, is cumarsáid idir seirbhís amháin agus seirbhís amháin eile a bheidh inti. An chumarsáid ón ardán chuig na cláir, féadfaidh sí a bheith ina cumarsáid idir seirbhís amháin agus seirbhís amháin eile nó idir seirbhís amháin agus cuid mhór seirbhísí.

2. **Prótacail chumarsáide**

Is prótacail idirlín shlána, amhail Prótacal Slánaistrithe Hipirtéacs (HTTPS), a úsáidfear le haghaidh na cumarsáide idir an tairseach, an t-ardán, na cláir agus na pointí rochtana roghnacha.

Is prótacail chumarsáide chaighdeánacha, amhail Simple Object Access Protocol (an Prótacal Rochtana ar Oibiacht Shimplí, "SOAP"), a úsáidfear le haghaidh tharchur na sonraí agus na meiteashonraí struchtúrtha.

3. **Caighdeáin slándála**

I dtaca le cumarsáid agus dáileadh faisnéise trí BRIS, beidh na nithe seo a leanas san áireamh sna bearta teicniúla chun íoschaighdeáin slándála teicneolaíochta faisnéise a áirithiú:

(a) bearta chun rúndacht faisnéise a áirithiú, lena n-áirítear trí chainéil shlána (HTTPS) a úsáid;

(b) bearta chun sláine na sonraí a áirithiú agus iad á n-aistriú;

(c) bearta chun neamhshéanadh thionscnamh an tseoltóra faisnéise a áirithiú laistigh de BRIS agus an neamhshéanadh fála faisnéise a áirithiú;

(d) bearta chun logáil na dteagmhas slándála a áirithiú i gcomhréir le moltaí a aithnítear go hidirnáisiúnta le haghaidh caighdeáin slándála teicneolaíochta faisnéise;

(e) bearta chun fíordheimhniú agus údarú aon úsáideora chláraithe a áirithiú agus bearta chun céannacht na gcóras atá nasctha leis an tairseach, an ardán nó na cláir laistigh de BRIS a fhíorú.

4. **Modhanna malartaithe faisnéise idir clár na cuideachta agus clár an bhrainse**

4.1 *Fógra nochta brainse*

Bainfear úsáid as an modh seo a leanas chun faisnéis a mhalartú idir clár na cuideachta agus clár an bhrainse i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 34 de Threoir (AE) 2017/1132:

(a) Cuirfear ar fáil i gclár na cuideachta faisnéis don ardán, faisnéis faoi oscailt agus foirceannadh aon imeachtaí díscaoilte cuideachtaí nó dócmhainneachta agus faoin gcuideachta a bhaint den chlár ("faisnéis nochta"), agus cuirfear ar fáil gan mhoill í;

(b) Chun a áirithiú go bhfaighfear an fhaisnéis nochta gan mhoill, iarrfaidh clár an bhrainse an fhaisnéis sin ar an ardán. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh san iarraidh sin ná go gcuirfí in iúl don ardán na cuideachtaí a bhfuil suim ag clár an bhrainse faisnéis nochta a fháil fúthu;

(c) De bhun na hiarrata sin, áiritheoidh an t-ardán go mbeidh rochtain gan mhoill ag clár an bhrainse ar an bhfaisnéis nochta.

4.2 *Fógra clárúcháin brainse*

Bainfear úsáid as an modh seo a leanas chun faisnéis a mhalartú idir clár an bhrainse agus clár na cuideachta i gcomhréir le hAirteagal 28a de Threoir (AE) 2017/1132:

a) Seolfaidh clár an bhrainse teachtaireacht gan mhoill trí BRIS chuig clár na cuideachta ("fógra clárúcháin brainse");

b) Ar an bhfógra a fháil dó, seolfaidh clár na cuideachta teachtaireacht gan mhoill, teachtaireacht ina n-admhófar go bhfuarthas an fógra ("admháil go bhfuarthas an fógra clárúcháin brainse").

4.3 *Fógra dúnta brainse*

Bainfear úsáid as an modh seo a leanas chun faisnéis a mhalartú idir clár an bhrainse agus clár na cuideachta i gcomhréir le hAirteagal 28c de Threoir (AE) 2017/1132:

a) Seolfaidh clár an bhrainse teachtaireacht gan mhoill trí BRIS chuig clár na cuideachta ("fógra dúnta brainse");

b) Ar an bhfógra a fháil dó, seolfaidh clár na cuideachta teachtaireacht gan mhoill, teachtaireacht ina n-admhófar go bhfuarthas an fógra ("admháil go bhfuarthas an fógra dúnta brainse").

4.4. *Fógra maidir le hathruithe ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis faoin gcuideachta*

Bainfear úsáid as an modh seo a leanas chun faisnéis a mhalartú idir clár na cuideachta agus clár an bhrainse i gcomhréir le hAirteagal 30a de Threoir (AE) 2017/1132:

a) Cuirfidh ar fáil i gclár na cuideachta faisnéis don ardán, faisnéis faoi athruithe ar dhoiciméid agus faisnéis faoin gcuideachta ("faisnéis nochta"), agus cuirfear ar fáil gan mhoill í. Le formáid na teachtaireachta beifear in ann ceangaltáin a chur san áireamh;

b) Chun a áirithiú go bhfaighfear an fhaisnéis nochta gan mhoill, iarrfaidh clár an bhrainse an fhaisnéis sin ar an ardán. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh san iarraidh sin go gcuirfí in iúl don ardán na cuideachtaí a bhfuil suim ag clár an bhrainse faisnéis nochta a fháil fúthu:

c) De bhun na hiarrata sin, áiritheoidh an t-ardán go mbeidh rochtain gan mhoill ag clár an bhrainse ar an bhfaisnéis nochta.

d) Ar an bhfaisnéis nochta a fháil dó, seolfaidh clár an bhrainse teachtaireacht gan mhoill, teachtaireacht ina n-admhaítear go bhfuarthas an fógra ("admháil go bhfuarthas an fógra maidir le hathruithe ar dhoiciméid agus faisnéis na cuideachta").

4.5. *Earráidí cumarsáide*

Beidh bearta teicniúla agus nósanna imeachta teicniúla iomchuí i bhfeidhm chun aon earráid chumarsáide idir an clár agus an t-ardán a láimhseáil.

## 5. **Liosta sonraí a mhalartófar idir na cláir**

### 5.1. ***Fógra nochta brainse***

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is mar "fógra nochta brainse" a dhéanfar tagairt do mhalartú faisnéise idir cláir a leagtar amach in Airteagail 20 agus 34 de Threoir (AE) 2017/1132. Is mar "teagmhas nochta brainse" a dhéanfar tagairt don imeacht a spreag an fógra sin.

Le haghaidh gach fógra nochta brainse dá dtagraítear i bpointe 4.1, malartóidh Ballstáit na sonraí seo a leanas:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an fógra | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/Aitheantóir na heagraíochta a eisíonn an fógra seo | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Sonraí a bhaineann le himeachtaí | | 1 | Grúpa eilimintí |
| An Dáta Éifeachtach | An dáta a tháinig an t-imeacht a dhéanann difear don chuideachta i bhfeidhm | 1 | Dáta |
| An Cineál Imeachta | An cineál imeachta as a dtiocfaidh teagmhas nochta brainse amhail dá dtagraítear in Airteagal 20 de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Cód<br>(Oscailt Díscaoilte Cuideachtaí<br>Foirceannadh Díscaoilte Cuideachtaí<br>Oscailt agus Foirceannadh Díscaoilte Cuideachtaí<br>Cúlghairm díscaoilte cuideachtaí<br>Oscailt Dócmhainneachta<br>Foirceannadh Dócmhainneachta<br>Oscailt agus Foirceannadh Dócmhainneachta<br>Cúlghairm Dócmhainneachta<br>Baint de) |
| Sonraí na cuideachta | | 1 | Grúpa eilimintí |
| EUID | Aitheantóir uathúil na cuideachta is ábhar don fhógra seo | 1 | Aitheantóir<br>Féach roinn 9 den Iarscríbhinn seo maidir le struchtúr EUID |
| Aitheantóir malartach | Aitheantóirí eile de chuid na cuideachta (e.g. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh) | 0…n | Aitheantóir |
| Foirm dhlíthiúil | An cineál foirme dlíthiúla | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II de Threoir (AE) 2017/1132 |
| Ainm | Ainm na cuideachta is ábhar don fhógra seo | 1 | Téacs |
| Oifig Chláraithe | Oifig chláraithe na cuideachta | 1 | Téacs |
| Ainm an Chláir | Ainm an chláir ina bhfuil an chuideachta cláraithe | 1 | Téacs |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

Féadfaidh na sonraí teicniúla is gá chun an teachtaireacht a tharchur mar is ceart a bheith san áireamh chomh maith sa teachtaireacht fógartha.

Áireofar sa mhalartú faisnéise freisin teachtaireachtaí teicniúla atá riachtanach chun a admháil go bhfuarthas an fhaisnéis, chun cuntas a choinneáil agus chun críoch tuairiscithe.

5.2 *Fógra clárúcháin brainse*

Le haghaidh gach fógra clárúcháin brainse dá dtagraítear i bpointe 4.2, malartóidh Ballstáit na sonraí seo a leanas:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimhreacht [1] | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an fógra | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/Aitheantóir na heagraíochta a eisíonn an fógra seo | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/Aitheantóir an chláir ina bhfuil an chuideachta cláraithe | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Sonraí an bhrainse | | 1 | Grúpa eilimintí |
| Dáta clárúcháin | An dáta a cláraíodh an brainse. | 1 | Dáta |
| An dáta éifeachtach | An dáta a bheidh feidhm ag oscailt an bhrainse, má tá fáil air | 0 | Dáta |
| Ainm an bhrainse má tá sé éagsúil le hainm na cuideachta | Ainm an bhrainse is ábhar don fhógra. Más ionann é agus ainm na cuideachta, ba cheart an réimse seo a fhágáil folamh | 0 | Téacs<br>Dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(d) de Threoir (AE) 2017/1132 |
| Ainmneacha breise an bhrainse | Má tá níos mó ná ainm amháin ag an mbrainse, is féidir na hainmneacha breise a chur isteach. | 0…n | Téacs |
| EUID | Aitheantóir uathúil an bhrainse is ábhar don fhógra seo | 1 | Aitheantóir |
| Seoladh an bhrainse | Seoladh an bhrainse is ábhar don fhógra | 1 | Seoladh iomlán |
| Sonraí na cuideachta | | 1 | Grúpa eilimintí |
| EUID | Aitheantóir uathúil na cuideachta lena mbaineann an brainse | 1 | Aitheantóir |
| Aitheantóir malartach | Aitheantóirí eile de chuid na cuideachta (e.g. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh) | 0…n | Aitheantóir |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Foirm dhlíthiúil | An cineál foirme dlíthiúla | 0 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |
| Ainm | Ainm na cuideachta is ábhar don fhógra seo | 0 | Téacs |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

Féadfaidh na sonraí teicniúla is gá chun an teachtaireacht a tharchur mar is ceart a bheith san áireamh chomh maith sa teachtaireacht fógartha.

Áireofar sa mhalartú faisnéise freisin teachtaireachtaí teicniúla atá riachtanach chun a admháil go bhfuarthas an fhaisnéis, chun cuntas a choinneáil agus chun críoch tuairiscithe.

5.3 *Fógra dúnta brainse*

Le haghaidh gach fógra dúnta brainse dá dtagraítear i bpointe 4.3, malartóidh Ballstáit na sonraí seo a leanas:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an fógra | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/Aitheantóir na heagraíochta a eisíonn an fógra seo | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/Aitheantóir an chláir ina bhfuil an chuideachta cláraithe | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Sonraí an bhrainse | | 1 | Grúpa eilimintí |
| An dáta a baineadh an brainse den chlár | An dáta a baineadh an brainse den chlár | 1 | Dáta |
| An dáta éifeachtach | Dáta a bheidh feidhm ag dúnadh an bhrainse, má tá fáil air | 0 | Dáta |
| Ainm an bhrainse má tá sé éagsúil le hainm na cuideachta | Ainm an bhrainse is ábhar don fhógra. Más ionann é agus ainm na cuideachta, ba cheart an réimse seo a fhágáil folamh | 0 | Téacs<br>Dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(d) de Threoir (AE) 2017/1132 |
| Ainmneacha breise an bhrainse | Má tá níos mó ná ainm amháin ag an mbrainse, is féidir na hainmneacha breise a chur isteach. | 0…n | Téacs |
| EUID | Aitheantóir uathúil an bhrainse is ábhar don fhógra seo | 1 | Aitheantóir |

| Sonraí na cuideachta | | 1 | Grúpa eilimintí |
|---|---|---|---|
| EUID | Aitheantóir uathúil na cuideachta lena mbaineann an brainse | 1 | Aitheantóir |
| Aitheantóir malartach | Aitheantóirí eile de chuid na cuideachta (e.g. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh) | 0…n | Aitheantóir |
| Foirm dhlíthiúil | An cineál foirme dlíthiúla | 0 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |
| Ainm | Ainm na cuideachta is ábhar don fhógra seo | 0 | Téacs |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

Féadfaidh na sonraí teicniúla is gá chun an teachtaireacht a tharchur mar is ceart a bheith san áireamh chomh maith sa teachtaireacht fógartha.

Áireofar sa mhalartú faisnéise freisin teachtaireachtaí teicniúla atá riachtanach chun a admháil go bhfuarthas an fhaisnéis, chun cuntas a choinneáil agus chun críoch tuairiscithe.

5.4 *Athruithe ar dhoiciméid agus faisnéis na cuideachta*

Le haghaidh gach fógra faoi athruithe ar dhoiciméid agus faisnéis na cuideachta dá dtagraítear i bpointe 4.4, malartóidh na Ballstáit na sonraí seo a leanas:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an fógra | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/Aitheantóir na heagraíochta a eisíonn an fógra seo | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/Aitheantóir an chláir ina bhfuil an brainse cláraithe | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Sonraí a bhaineann le himeachtaí | | 1 | Grúpa eilimintí |
| An Cineál Imeachta | An cineál imeachta as a dtiocfaidh fógra maidir le hathruithe ar dhoiciméid agus faisnéis na cuideachta | 1 | (a) athrú ar ainm na cuideachta;<br>(b) athrú ar oifig chláraithe na cuideachta;<br>(c) athrú ar uimhir chlárúcháin na cuideachta sa chlár;<br>(d) athrú ar fhoirm dhlíthiúil na cuideachta; |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | (e) athrú ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 14;<br>(f) athrú ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 14 |
| Dáta clárúcháin | Dáta a cláraíodh an t-athrú ar dhoiciméid agus faisnéis na cuideachta | 1 | Dáta |
| An dáta éifeachtach | Dáta a thiocfaidh an t-athrú ar dhoiciméid agus faisnéis na cuideachta i bhfeidhm, má tá fáil air | 0 | Dáta |
| Sonraí ábhartha atá le tabhairt cothrom le dáta, ag brath ar an gCineál Imeachta | Athrú ar shonraí na cuideachta | 1 | Ceann amháin díobh seo a leanas:<br>(a) ainm nua na cuideachta agus an t-ainm a bhí uirthi roimhe sin<br>(b) oifig chláraithe nua na cuideachta agus an oifig chláraithe a bhí aici roimhe sin;<br>(c) uimhir chlárúcháin nua na cuideachta sa chlár agus an uimhir chlárúcháin a bhí aici roimhe sin;<br>(d) foirm dhlíthiúil nua na cuideachta agus an fhoirm dhlíthiúil a bhí aici roimhe sin;<br>(e) Doiciméid agus faisnéis nua dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 14 (is féidir ceangaltáin a bheith i gceist), doiciméid agus faisnéis ina mbeidh na sonraí seo a leanas:<br>— an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach atá i gceist.<br>— I gcás duine nádúrtha<br>— Ainm, sloinne,<br>— dáta breithe má tá fáil air, nó mura bhfuil an uimhir aitheantais náisiúnta,<br>— I gcás duine dlítheanach:<br>— ainm na cuideachta<br>— EUID na cuideachta nó, má tá fáil uirthi, uimhir chlárúcháin eile mura cuideachta í a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | — foirm dhlíthiúil<br>— Cibé acu an duine nádúrtha nó duine dlíthiúil atá i gceist:<br>— Seoladh (má tá sé ar fáil sa chlár).<br>— an ceapachán nó an foirceannadh, nó tabhairt cothrom le dáta ceapacháin atá ann cheana atá i gceist<br>— an faoi Airteagal 14(d)(i) nó 14(d)(ii) a thagann an duine,<br>— I gcás daoine a thagann faoi 14(d)(i), bíodh siad ina n-aonar nó i gcomhionadaíocht leis an rogha faisnéis bhreise a sholáthar, más gá, i ndoiciméad nó i dtéacs, nó, i gcásanna eile, tuairisc a sholáthraítear i ndoiciméad nó i dtéacs<br>— teideal<br>— rogha doiciméad nó téacs a chur ar fáil ina dtuairiscítear srianta a d'fhéadfadh a bheith ar chumhacht na hionadaíochta (e.g. luach agus cineál gnó).<br>— rogha gan ach doiciméid a sholáthar do na daoine a thagann faoi Airteagal 14(d)(ii)<br>(f) doiciméid agus faisnéis nua dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 14 (is féidir ceangaltáin a bheith i gceist), doiciméid agus faisnéis ina mbeidh na meiteashonraí seo a leanas: bliain airgeadais. |
| Sonraí breise atá le soláthar go roghnach maidir le pointe (d) d'Airteagal 14 | Athrú ar shonraí na cuideachta | 0…n | Sonraí roghnacha:<br>— Uimhir aitheantais phearsanta náisiúnta<br>— Uimhir an doiciméid aitheantais (cárta aitheantais, pas)<br>— Náisiúntacht/Náisiúntachtaí<br>— Áit bhreithe |

| Sonraí na cuideachta | | 1 | Grúpa eilimintí |
|---|---|---|---|
| EUID | Aitheantóir uathúil na cuideachta lena mbaineann an brainse | 1 | Aitheantóir |
| Aitheantóir malartach | Aitheantóirí eile de chuid na cuideachta (e.g. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh) | 0…n | Aitheantóir |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

Ní sheolfar na doiciméid agus an fhaisnéis nua dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 14 de Threoir (AE) 2017/1132 chuig clár an bhrainse má chuireann an Ballstát i dtrácht an rogha dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 31 den Treoir sin i bhfeidhm.

Féadfaidh na sonraí teicniúla is gá chun an teachtaireacht a tharchur mar is ceart a bheith san áireamh chomh maith sa teachtaireacht fógartha.

Áireofar sa mhalartú faisnéise freisin teachtaireachtaí teicniúla atá riachtanach chun a admháil go bhfuarthas an fhaisnéis, chun cuntas a choinneáil agus chun críoch tuairiscithe.

## 6. **Oibríochtaí trasteorann**

### 6.1. *Comhshó trasteorann*

#### 6.1.1. Nochtadh

a) Chun críocha an nochta dá dtagraítear in Airteagal 86g(1) de Threoir (AE) 2017/1132, déanfaidh clár an Bhallstáit imeachta na sonraí breise seo a leanas ón gcuideachta a tharchur agus a chur ar fáil don phobal trí BRIS:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| Sonraí agus doiciméid atá le cur ar fáil go poiblí trí BRIS | | 1 | Grúpa eilimintí |
| Dréacht-téarmaí | Dréacht-téarmaí de réir bhrí Airteagal 86d de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Doiciméad |
| Leagan teanga eile | Leagan teanga eile na ndréacht-téarmaí, má tá fáil air | 0…n | Doiciméad |
| Dearbhú maidir leis an stádas reatha airgeadais | Dearbhú atá le soláthar má cheanglaítear sin faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 86j(2) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Doiciméad |
| Fógra | Fógra faoi Airteagal 86g(1)(b) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Doiciméad agus meiteashonraí ina bhfuil an fhaisnéis seo a leanas:<br>— Ainm na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann<br>— An sprioc-am le haghaidh barúlacha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tuarascáil ó na saineolaithe neamhspleácha | Tuarascáil ó na saineolaithe neamhspleácha má cheanglaítear sin faoin dlí náisiúnta i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 86g(1) | 1 | Doiciméad |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

b) Chun críocha an nochta dá dtagraítear in Airteagal 86g(3) de Threoir (AE) 2017/1132, déanfaidh clár an Bhallstáit imeachta na sonraí breise seo a leanas ón gcuideachta a tharchur agus a chur ar fáil don phobal trí BRIS:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| Sonraí agus doiciméid atá le cur ar fáil go poiblí trí BRIS | | 1 | Grúpa eilimintí |
| Sonraí na cuideachta | An chuideachta (a chiallaíonn an chuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann) mar a shainmhínítear í in Airteagal 86b(1) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Grúpa eilimintí |
| Foirm dhlíthiúil | Cineál foirme dlíthiúla na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |
| Ainm | Ainm na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann | 1 | Téacs |
| Oifig Chláraithe | Oifig chláraithe na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann | 1 | Téacs |
| Uimhir Chlárúcháin | Uimhir chlárúcháin na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann sa chlár | 1 | Aitheantóir |
| Clár | Clár ina gcomhdaítear na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 14 maidir leis an gcuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann | 1 | Téacs |
| Sonraí atá beartaithe don chuideachta comhshóite | Cuideachta chomhshóite mar a shainmhínítear í in Airteagal 86b(5) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Grúpa eilimintí |
| Foirm dhlíthiúil atá beartaithe | Cineál foirme dlíthiúla atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |
| Ainm atá beartaithe | Ainm atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | 1 | Téacs |
| Oifig chláraithe atá beartaithe | An oifig chláraithe atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | 1 | Téacs |
| Sonraí agus doiciméid bhreise | | 1 | Grúpa eilimintí |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Léiriú ar na socruithe | Léiriú ar na socruithe a rinneadh le haghaidh fheidhmiú chearta na gcreidiúnaithe, na bhfostaithe agus na gcomhaltaí, dá dtagraítear in Airteagal 86g(3)(c) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Doiciméad |
| | Mionsonraí an tsuímh gréasáin | Mionsonraí an tsuímh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 86g(3)(d) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Téacs |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

6.1.2. Tarchur an deimhnithe réamh-chomhshó

a) Le haghaidh gach tarchuir deimhnithe réamh-chomhshó dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 86n(1) de Threoir (AE) 2017/1132, seolfaidh clár an Bhallstáit imeachta, tar éis an deimhniú de réir Airteagal 86m(7), (10) agus (11) den Treoir sin a eisiúint, na sonraí seo a leanas chuig clár an Bhallstáit cinn scríbe:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a rinneadh an tarchur | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/aitheantóir na heagraíochta a dhéanann an tarchur (Clár Gnó Imeachta) | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/aitheantóir na heagraíochta a seoltar an tarchur chuici (Clár Gnó Imeachta) | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Sonraí na cuideachta | An cuideachta (a chiallaíonn an chuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann) mar a shainmhínítear í in Airteagal 86b(1) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Grúpa eilimintí |
| EUID | Aitheantóir uathúil na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann | 1 | Aitheantóir |
| Aitheantóir malartach | Aitheantóirí eile de chuid na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann (e.g. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh) | 0…n | Aitheantóir |
| Foirm dhlíthiúil | Cineál foirme dlíthiúla na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |
| Ainm | Ainm na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann | 1 | Téacs |
| Oifig Chláraithe | Oifig chláraithe na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann | 1 | Téacs |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Uimhir Chlárúcháin | Uimhir chlárúcháin na cuideachta a dhéanann an comhshó trasteorann sa chlár | 1 | Aitheantóir |
| Na sonraí atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | Cuideachta chomhshóite mar a shainmhínítear í in Airteagal 86b(5) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Grúpa eilimintí |
| Foirm dhlíthiúil atá beartaithe | An cineál foirme dlíthiúla atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |
| An t-ainm atá beartaithe | An t-ainm atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | 1 | Téacs |
| An oifig chláraithe atá beartaithe | An oifig chláraithe atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | 1 | Téacs |
| Sonraí agus doiciméid atá le tarchur | | 1 | Grúpa eilimintí |
| Deimhniú réamh-chomhshó | Deimhniú réamh-chomhshó de réir bhrí Airteagal 86m de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Doiciméad |
| Údarás inniúil | An t-údarás a d'eisigh an deimhniú i gcomhréir le hAirteagal 86m de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Téacs |
| Dáta eisiúna an deimhnithe | An dáta a eisíodh an deimhniú | 1 | Dáta |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

b) Chun an deimhniú réamh-chomhshó a chur ar fáil trí BRIS, de réir an dara fomhír d'Airteagal 86n(1) de Threoir (AE) 2017/1132, déanfaidh clár an Bhallstáit imeachta na sonraí seo a leanas a tharchur:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| Na sonraí atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | Cuideachta chomhshóite mar a shainmhínítear í in Airteagal 86b(5) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Grúpa eilimintí |
| Foirm dhlíthiúil atá beartaithe | An cineál foirme dlíthiúla atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |
| Ainm atá beartaithe | Ainm atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | 1 | Téacs |
| An oifig chláraithe atá beartaithe | An oifig chláraithe atá beartaithe le haghaidh na cuideachta comhshóite | 1 | Téacs |
| Sonraí agus doiciméid atá le cur ar fáil go poiblí trí BRIS | | 1 | Grúpa eilimintí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Deimhniú réamh-chomhshó | Deimhniú réamh-chomhshó de réir bhrí Airteagal 86m de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Doiciméad agus meiteashonraí ina bhfuil an fhaisnéis seo a leanas:<br>— an t-údarás inniúil<br>— dáta eisiúna an deimhnithe |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

6.1.3. Clárúchán

6.1.3.1. Clárú comhshónna trasteorann

Cuirfidh cláir na mBallstát imeachta agus na mBallstát cinn scríbe an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal agus tabharfaidh siad rochtain uirthi trí BRIS, de réir Airteagal 86p(2) de Threoir (AE) 2017/1132:

a) Sonraí atá le soláthar ag clár an Bhallstáit cinn scríbe

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| Sonraí atá le cur ar fáil do BRIS | | 1 | Grúpa eilimintí |
| EUID | EUID na cuideachta a rinne an comhshó trasteorann | 1 | Aitheantóir |
| Sonraí atá le cur ar fáil don phobal agus a bhfuil rochtain le bheith orthu trí BRIS | | 1 | Grúpa eilimintí |
| Clárú mar thoradh ar chomhshó trasteorann | Gur toradh ar chomhshó trasteorann é clárú na cuideachta comhshóite | 1 | Téacs |
| Dáta clárúcháin | Dáta clárúcháin na cuideachta comhshóite | 1 | Dáta |
| Uimhir Chlárúcháin | Uimhir chlárúcháin na cuideachta a rinne an comhshó trasteorann | 1 | Aitheantóir |
| Ainm na Cuideachta | Ainm na cuideachta a rinne an comhshó trasteorann | 1 | Téacs |
| Foirm dhlíthiúil | Cineál foirme dlíthiúla na cuideachta a rinne an comhshó trasteorann | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

b) Sonraí atá le soláthar ag clár an Bhallstáit imeachta

Soláthróidh clár an Bhallstáit imeachta na sonraí ábhartha ar an bhfógra dó a fháil faoi 6.1.3.2

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht [1] | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| Sonraí atá le cur ar fáil do BRIS | | 1 | Grúpa eilimintí |
| Ainm an Chláir | Ainm an chláir ina bhfuil an chuideachta is faighteoir cláraithe | 1 | Téacs |
| Uimhir chlárúcháin | Uimhir chlárúcháin na cuideachta is faighteoir | 1 | Aitheantóir |
| Sonraí na cuideachta | Cuideachta atá á deighilt mar a shainítear í in Airteagal 160b(2) | 1 | Grúpa eilimintí |
| EUID | Aitheantóir uathúil na cuideachta atá á deighilt | 1 | Aitheantóir |
| Aitheantóir malartach | Aitheantóirí eile de chuid na cuideachta atá á deighilt (e.g. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh) | 0…n | Aitheantóir |
| Foirm dhlíthiúil | Cineál foirme dlíthiúla na cuideachta atá á deighilt | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |
| Ainm | Ainm na cuideachta atá á deighilt | 1 | Téacs |
| Oifig Chláraithe | Oifig chláraithe na cuideachta atá á deighilt | 1 | Téacs |
| Ainm an Chláir | Ainm an chláir ina bhfuil an chuideachta atá á deighilt cláraithe | 1 | Téacs |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

Féadfaidh na sonraí teicniúla is gá chun an teachtaireacht a tharchur mar is ceart a bheith san áireamh chomh maith sa teachtaireacht fógartha.

Áireofar sa mhalartú faisnéise freisin teachtaireachtaí teicniúla atá riachtanach chun a admháil go bhfuarthas an fhaisnéis, chun cuntas a choinneáil agus chun críoch tuairiscithe.

6.3.3.3. Fógra deighilte trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 160p(4) de Threoir (AE) 2017/1132

Le haghaidh gach fógra deighilte trasteorann dá dtagraítear in Airteagal 160p(4) de Threoir (AE) 2017/1132, seolfaidh clár Bhallstát na cuideachta atá á deighilt na sonraí seo a leanas chuig clár gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht [1] | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an fógra | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/aitheantóir na heagraíochta a d'eisigh an fógra seo (Clár Gnó na cuideachta atá á deighilt) | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/aitheantóir na n-eagraíochtaí a seoltar an fógra seo chucu (Clár Gnó na gcuideachtaí is faighteoir) | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Sonraí a bhaineann le deighilt | | 1 | Grúpa eilimintí |
| Dáta éifeachtach na deighilte | An dáta a gabhadh éifeacht leis an deighilt trasteorann | 1 | Dáta |
| Cineál deighilte | An cineál deighilte mar a shainítear é in Airteagal 160b(4) de Threoir (AE) 2017/1132 | 1 | Cód<br>(Deighilt trasteorann faoi phointe (a) d'Airteagal 160b(4) de Threoir (AE) 2017/1132<br>Deighilt pháirteach trasteorann faoi phointe (b) d'Airteagal 160b(4) de Threoir (AE) 2017/1132<br>Deighilt trasteorann trí scaradh faoi phointe (c) d'Airteagal 160b(4) de Threoir (AE) 2017/1132 |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Sonraí na gcuideachtaí is faighteoir | Cuideachta is faighteoir mar a shainítear í in Airteagal 160b(3) | 1…n | Grúpa eilimintí |
| EUID | Aitheantóir uathúil gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir | 1 | Aitheantóir |
| Aitheantóir malartach | Aitheantóirí eile de chuid gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir (e.g. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh) | 0…n | Aitheantóir |
| Foirm dhlíthiúil | Cineál foirme dlíthiúla gach cuideachta is faighteoir | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm | Ainm gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir i mBallstát na cuideachta is faighteoir | 1 | Téacs |
| Oifig chláraithe | Oifig chláraithe gach cuideachta is faighteoir | 1 | Téacs |
| Ainm an Chláir | Ainm an chláir ina bhfuil gach cuideachta is faighteoir cláraithe | 1 | Téacs |
| Uimhir chlárúcháin | Uimhir chlárúcháin gach cuideachta is faighteoir | 1 | Aitheantóir |
| Sonraí na cuideachta | Cuideachta atá á deighilt mar a shainítear í in Airteagal 160b(2) | 1 | Grúpa eilimintí |
| EUID | Aitheantóir uathúil na cuideachta atá á deighilt | 1 | Aitheantóir |
| Aitheantóir malartach | Aitheantóirí eile de chuid na cuideachta atá á deighilt (e.g. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh) | 0…n | Aitheantóir |
| Foirm dhlíthiúil | Cineál foirme dlíthiúla na cuideachta atá á deighilt | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 |
| Ainm | Ainm na cuideachta atá á deighilt | 1 | Téacs |
| Oifig Chláraithe | Oifig chláraithe na cuideachta atá á deighilt | 1 | Téacs |
| Ainm an Chláir | Ainm an chláir ina bhfuil an chuideachta atá á deighilt cláraithe | 1 | Téacs |
| Uimhir Chlárúcháin | Uimhir chlárúcháin na cuideachta atá á deighilt | 1 | Aitheantóir |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

Féadfaidh na sonraí teicniúla is gá chun an teachtaireacht a tharchur mar is ceart a bheith san áireamh chomh maith sa teachtaireacht fógartha.

Áireofar sa mhalartú faisnéise freisin teachtaireachtaí teicniúla atá riachtanach chun a admháil go bhfuarthas an fhaisnéis, chun cuntas a choinneáil agus chun críoch tuairiscithe.

## 7. **Struchtúr fhormáid chaighdeánach na teachtaireachta**

Is bunaithe ar mhodhanna caighdeánacha um struchtúrú sonraí a bheidh an malartú faisnéise idir na cláir, an t-ardán agus an tairseach agus is i bhformáid chaighdeánach teachtaireachta, amhail XML, a shloinnfear é.

## 8. **Sonraí le haghaidh an ardáin**

Déanfar na cineálacha sonraí seo a leanas a sholáthar le go gcuirfidh an t-ardán a fheidhmeanna i gcrích:

(a) Sonraí a fhágann gur féidir córais atá nasctha leis an ardán a shainaithint. D'fhéadfadh URLanna nó aon uimhir nó cód eile lena ndéantar gach córas a shainaithint go huathúil laistigh de BORIS a bheith sna sonraí sin;

(b) Innéacs na sonraí a liostaítear in Airteagal 19(2) de Threoir (AE) 2017/1132. Bainfear úsáid as na sonraí seo chun torthaí comhsheasmhacha tapa na seirbhíse cuardaigh a áirithiú. I gcás nach gcuirfear na sonraí ar fáil don ardán le haghaidh innéacsaithe, cuirfidh na Ballstáit na sonraí céanna ar fáil chun críocha na seirbhíse cuardaigh ar bhealach lena ráthófar an leibhéal céanna seirbhíse mar a sholáthraíonn an t-ardán;

(c) Aitheantóirí uathúla na gcuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Threoir (AE) 2017/1132 agus aitheantóirí uathúla na mbrainsí dá dtagraítear in Airteagal 29(4) de Threoir (AE) 2017/1132. Bainfear úsáid as na haitheantóirí seo chun idir-inoibritheacht na gclár leis an ardán a áirithiú;

(d) Aon sonraí oibríochtúla eile is gá le go ndéanfaidh an t-ardán feidhmiú cuí éifeachtach na seirbhíse cuardaigh agus idir-inoibritheacht na gclár a áirithiú. Féadfaidh liostaí de chóid, sonraí tagartha, gluaiseanna agus aistriúcháin ghaolmhara ar na meiteashonraí sin, chomh maith le sonraí logála agus tuairiscithe, a bheith san áireamh sna sonraí sin.

Déanfar na sonraí agus na meiteashonraí a láimhseálann an t-ardán a phróiseáil agus a stóráil i gcomhréir leis na caighdeáin slándála a leagtar amach i roinn 3 den Iarscríbhinn seo.

## 9. Struchtúr agus úsáid an aitheantóra uathúil

Déanfar tagairt don aitheantóir uathúil chun críche cumarsáid idir cláir mar EUID (Aitheantóir Uathúil Eorpach).


Beidh struchtúr EUID i gcomhréir le ISO 6523 agus beidh na heilimintí seo a leanas ann:

| Eilimint EUID | Tuairisc | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|
| Cód tíre | Eilimintí lena mbeidh sé indéanta Ballstát an chláir a shainaithint | Éigeantach |
| Aitheantóir cláir | Eilimintí lena mbeidh sé indéanta clár tionscnaimh intíre na cuideachta agus an bhrainse araon a shainaithint | Éigeantach |
| Uimhir Chlárúcháin | Déanann uimhir na cuideachta/an bhrainse tagairt d'uimhir chlárúcháin na cuideachta/an bhrainse sa chlár tionscnaimh intíre | Éigeantach |
| Digit fhíoraithe | Eilimintí lena mbeidh sé indéanta earráidí sainaitheantais a sheachaint | Roghnach |

Bainfear úsáid as EUID chun cuideachtaí agus brainsí a shainaithint go soiléir chun críche malartú faisnéise idir cláir leis an ardán.

## 10. Modhanna oibriúcháin an chórais agus na seirbhísí teicneolaíochta faisnéise arna soláthar ag an ardán

I dtaca le dáileadh agus malartú faisnéise, is bunaithe ar an modh oibriúcháin teicniúil seo a leanas a bheidh an córas:



I dtaca le seachadadh teachtaireachtaí sa leagan teanga ábhartha, déanfaidh an t-ardán déantáin sonraí tagartha a sholáthar, amhail liostaí de chóid, foclóiríní rialaithe agus gluaiseanna. I gcás inarb ábhartha, aistreofar iad sin go teangacha oifigiúla an Aontais. I gcás inar féidir, is caighdeáin aitheanta agus teachtaireachtaí caighdeánaithe a úsáidfear.

Comhroinnfidh an Coimisiún tuilleadh sonraí leis an mBallstát faoi na modhanna teicniúla oibríochta agus faoi chur chun feidhme na seirbhísí teicneolaíochta faisnéise arna soláthar ag an ardán.

11. **Na critéir chuardaigh**

Roghnófar tír amháin ar a laghad agus cuardach ar siúl.

Cuirfidh an tairseach na critéir chomhchuibhithe seo a leanas ar fáil le haghaidh an chuardaigh:

— ainm na cuideachta.

— uimhir chlárúcháin na cuideachta nó uimhir chlárúcháin an bhrainse sa chlár intíre.

Féadfar critéir chuardaigh bhreise a bheith ar fáil ar an tairseach.

12. **Módúlachtaí íocaíochta**

Maidir leis na doiciméid agus leis na sonraí faoina ngearrfaidh Ballstáit táillí agus a chuirtear ar fáil ar an tairseach Eorpach don r-Cheartas faoi BORIS, fágfaidh an córas go mbeidh úsáideoirí in ann íoc ar líne trí úsáid a bhaint as módúlachtaí íocaíochta a úsáidtear go forleathan amhail cártaí creidmheasa agus dochair.

Féadfaidh an córas modhanna íocaíochta malartacha ar líne a sholáthar, amhail aistrithe bainc nó tiachóg fhíorúil (taisce).

13. **Lipéid mhíniúcháin**

I ndáil leis na sonraí agus leis na cineálacha doiciméad a liostaítear in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2017/1132, soláthróidh na Ballstáit na lipéid mhíniúcháin seo a leanas:

(a) Gearrtheideal le haghaidh gach sonra agus le haghaidh gach doiciméid (mar shampla: “Airteagail chorpraithe”);

(b) Mar is iomchuí, tuairisc ghairid ar ábhar gach doiciméid nó ar ábhar gach sonraí, lena n-áirítear, go roghnach, faisnéis maidir le luach dlíthiúil an doiciméid.

14. **Infhaighteacht seirbhísí**

Beidh creat ama na seirbhíse 24/7 lá, agus ráta infhaighteachta an chórais de 98 % ar a laghad gan cothabháil sceidealta a chur san áireamh.

Tabharfaidh na Ballstát fógra don Choimisiún maidir le gníomhaíochta cothabhála mar a leanas:

(a) 5 lá oibre roimh ré le haghaidh oibríochtaí cothabhála a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le tréimhse neamh-infhaighteachta suas le 4 uair an chloig;

(b) 10 lá oibre roimh ré le haghaidh oibríochtaí cothabhála a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le tréimhse neamh-infhaighteachta suas le 12 uair an chloig;

(c) 30 lá oibre roimh ré le haghaidh cothabháil ar sheomra bonneagair na ríomhairí, cothabháil a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le tréimhse neamh-infhaighteachta suas le 6 lá in aghaidh na bliana.

A mhéid is féidir, déanfar oibríochtaí cothabhála a phleanáil lasmuigh d’uaireanta oibre (19:00 – 8:00 ALE).

I gcás ina mbeidh tréimhsí seirbhíse socraithe seachtainiúla ag na Ballstáit, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi am agus lá na seachtaine ina mbeidh na tréimhsí socraithe seachtainiúla sin pleanáilte. Gan dochar do na hoibleagáidí i bpointí (a) go (c) den dara mír, má bhíonn córais Bhallstát neamh-infhaighte le linn tréimhse shocraithe den sórt sin, féadfaidh Ballstáit rogha a dhéanamh gan fógra a thabhairt don Choimisiún gach uair.

I gcás cliseadh teicniúil gan choinne i gcóras na mBallstát, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi neamh-infhaighteacht a gcórais, agus an t-am a bhfuil sé tuartha go n-atosófar an córas, más eol sin.

I gcás cliseadh gan choinne an ardáin lárnaigh nó na tairsí, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas gan mhoill faoi neamh-infhaighteacht an ardáin nó na tairsí, agus faoi am a bhfuil sé tuartha go n-atosófar an córas, más eol sin.

15. **Pointí rochtana roghnacha**

15.1. *Pointí rochtana roghnacha ar BRIS de réir na chéad fhomhíre d'Airteagal 22(4) de Threoir (AE) 2017/1132*

15.1.1 Nós imeachta

Soláthróidh na Ballstáit faisnéis faoin am atá beartaithe le haghaidh bhunú na bpointí rochtana roghnacha, líon na bpointí rochtana roghnacha a nascfaidh leis an ardán, agus sonraí teagmhála an duine/na ndaoine a bhféadfaí dul i dteagmháil leo chun an nasc teicniúil a bhunú.

Soláthróidh an Coimisiún na sonraí teicniúla agus an tacaíocht is gá do na Ballstáit chun nasc gach pointe rochtana roghnaigh ar an ardán a thástáil agus a imscaradh.

15.1.2 Ceanglais theicniúla

I gcás nascadh na bpointí rochtana roghnacha ar an ardán, comhlíonfaidh na Ballstáit na sonraíochtaí teicniúla ábhartha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, lena n-áirítear ceanglais slándála maidir le tarchur sonraí trí na pointí rochtana roghnacha.

I gcás ina mbeidh gá le híocaíocht trí phointe rochtana roghnach, soláthróidh na Ballstáit a rogha modhanna íocaíochta agus láimhseálfaidh siad na hoibríochtaí íocaíochta gaolmhara.

Déanfaidh na Ballstáit tástáil iomchuí sula mbeidh an nasc leis an ardán i bhfeidhm agus sula ndéanfar aon athruithe suntasacha ar nasc atá ann cheana.

Nuair a éireoidh leo an pointe rochtana roghnach ar an ardán a nascadh, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú suntasach atá le teacht ar an bpointe rochtana agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú an ardáin, go háirithe an pointe rochtana a dhúnadh. Soláthróidh na Ballstáit sonraí teicniúla leordhóthanacha i ndáil leis an athrú chun comhtháthú ceart aon athrú gaolmhar a cheadú.

Cuirfidh na Ballstáit in iúl ar gach pointe rochtana roghnach go gcuirtear an tseirbhís chuardaigh ar fáil trí BRIS.

15.2. *Pointí rochtana roghnacha ar BRIS de réir an dara fomhír d'Airteagal 22(4) de Threoir (AE) 2017/1132*

15.2.1 Nós imeachta

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar aon iarraidh a gheofar ar phointe rochtana roghnach a bhunú i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 22(4) de Threoir (AE) 2017/1132.

Cuirfidh an t-iarrthóir an fhaisnéis uile ar fáil is gá chun measúnú cuí a dhéanamh ar an iarraidh.

Soláthróidh an Coimisiún na sonraí teicniúla agus an tacaíocht don iarrthóir is gá chun bunú gach pointe rochtana roghnaigh ar an ardán a thástáil agus a imscaradh.

15.2.2 Ceanglais theicniúla

I gcás bhunú na bpointí rochtana roghnacha ar an ardán, comhlíonfaidh an t-iarrthóir na sonraíochtaí teicniúla ábhartha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, lena n-áirítear ceanglais slándála maidir le tarchur sonraí trí na pointí rochtana roghnacha.

I gcás ina mbeidh gá le híocaíocht trí phointe rochtana roghnach, soláthróidh an t-iarrthóir a rogha modhanna íocaíochta agus láimhseálfaidh siad na hoibríochtaí íocaíochta gaolmhara.

Déanfaidh an t-iarrthóir tástáil iomchuí sula mbeidh bunú an ardáin oibríochtúil agus sula ndéanfar aon athruithe suntasacha ar nasc atá ann cheana.

Tar éis an pointe rochtana roghnach ar an ardán a bhunú go rathúil, cuirfidh an t-iarrthóir an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú suntasach atá le teacht ar an bpointe rochtana agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú an ardáin, go háirithe an pointe rochtana a dhúnadh. Soláthróidh an t-iarrthóir sonraí teicniúla leordhóthanacha i ndáil leis an athrú chun comhtháthú ceart aon athrú gaolmhar a cheadú.

Cuirfidh an t-iarrthóir in iúl ar gach pointe rochtana roghnach go gcuirtear an tseirbhís chuardaigh ar fáil trí BRIS.

15.3. *Ceanglais is infheidhme maidir le pointí rochtana roghnacha i gcomhréir le hAirteagal 22(4), an chéad fhomhír agus an dara fomhír*

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas maidir leis an iarraidh a fuarthas.

Cuirfear san áireamh sna ceanglais theicniúla freisin bearta chun a áirithiú nach ndéanfaidh na pointí rochtana roghnacha difear d'fheidhmiú ceart BRIS ná do chomhlíonadh na gceanglas sábháilteachta, slándála agus cosanta sonraí, agus aird chuí á tabhairt ar fhreagracht faoi seach gach páirtí laistigh den chuid sin den chóras atá faoina rialú teicniúil.

## 16. **Malartú faisnéise maidir le stiúrthóirí dícháilithe**

### 16.1 *Réamhrá*

Cumhdófar leis an malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13i(4) de Threoir (AE) 2017/1132 cásanna ina ndícháileofar duine ó bheith ina stiúrthóir ar chuideachta de cheann amháin de na cineálacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin de thoradh cinnidh ó chúirt nó ó údarás inniúil eile de chuid Ballstáit bunaithe ar a dhlí náisiúnta.

Ní chumhdófar leis an malartú faisnéise cásanna nach mbíonn duine, faoin dlí náisiúnta, in ann go ginearálta a inniúlacht dhlítheanach ginearálta a chrapadh nó a theorannú nó tar éis cinneadh ó chúirt nó údarás inniúil eile de chuid Ballstáit bunaithe ar a dhlí náisiúnta agus, dá bhrí sin, níl an duine sin in ann a bheith ina stiúrthóir ar chuideachta den chineál dá dtagraítear sa chéad mhír.

Ní chumhdófar leis an malartú faisnéise cásanna a bheidh bunaithe ar rialacha sonracha faoi dhlí an Aontais, amhail na rialacha maidir le hoiriúnacht agus cuibheas dá bhforáiltear faoi Airteagal 91(1) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

I gcás ina mbeidh cead ag daoine dlítheanacha, i gcomhréir le dlí náisiúnta i mBallstát, a bheith ina stiúrthóirí cuideachtaí den chineál dá dtagraítear sa chéad mhír, tiocfaidh na daoine dlítheanacha sin faoi raon feidhme an mhalartaithe faisnéise. Cuirfidh gach Ballstát in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún an bhfuil an deis sin ann ina dhlí náisiúnta.

### 16.2. *Modhanna malartaithe faisnéise idir na Ballstáit*

Bainfear úsáid as an modh seo a leanas chun faisnéis a mhalartú idir na cláir i gcomhréir le hAirteagal 13i de Threoir (AE) 2017/1132.

Déanfar na ceisteanna agus na freagraí faoin alt seo a aistriú trí BRIS trí úsáid a bhaint as criptiú ó cheann go ceann.

Malartóidh Ballstáit an fhaisnéis is gá chun comhchoibhneas a dhéanamh ar cheisteanna agus ar na freagraí faoin roinn seo maidir leis an iarraidh chéanna.

#### 16.2.1 An chéad leibhéal de mhalartú faisnéise

##### 16.2.1.1 Ceist an chéad leibhéil faoi dhícháiliú

Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát faisnéis a iarraidh ó Bhallstát amháin nó níos mó trí BRIS, faoi cé acu atá nó nach bhfuil duine a rinne iarratas ar bheith ina stiúrthóir ar chuideachta de cheann amháin de na cineálacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 dícháilithe nó taifeadta in aon cheann dá gcláir ina bhfuil faisnéis atá ábhartha maidir le dícháiliú stiúrthóirí.

Cinnfidh an Ballstát iarrthach cén Ballstát nó cé na Ballstáit a seolfar an cheist chuige nó chucu. Seolfar na ceisteanna d'fhonn malartú faisnéise éifeachtach, éifeachtúil agus pras a áirithiú.

Cumhdófar le gach ceist duine aonair amháin agus soláthrófar leis na sonraí chun an duine a shainaithint. Déanfaidh an Ballstát iarrthach na sonraí sin a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Áiritheoidh na Ballstáit gurb iad na sonraí is gá na sonraí sin a bhaineann leis an iarratasóir atá i gceist, agus na sonraí sin amháin, a mhalartófar.

##### 16.2.1.2 Freagra an chéad leibhéal faoi dhícháiliú

Ar an gceist a fháil dóibh, cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit iarrtha freagra ar fáil trí BRIS gan mhoill.

([1]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338)

Tabharfar le fios sa fhreagra an bhfuil an duine a sainaithníodh sa cheist dícháilithe nó an bhfuil sé taifeadta in aon cheann de chláir an Bhallstáit iarrtha ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le dícháiliú stiúrthóirí.

I gcás inarb é an freagra go bhfuil an duine dícháilithe nó go bhfuil sé taifeadta in aon cheann de na cláir ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le dícháiliú stiúrthóirí, féadfaidh an Ballstát iarrtha a léiriú ina fhreagra cé na sonraí sonracha a sholáthair an Ballstát iarrthach atá ag teacht leis na sonraí atá ar fáil sa Bhallstát iarrtha agus nach féidir leis na sonraí sonracha atá san áireamh sa cheist a dhearbhú mar nach bhfuil siad ar taifead ina chláir.

Más gá, féadfaidh an Ballstát iarrtha a iarraidh ar an mBallstát iarrthach tuilleadh sonraí a chur ar fáil chun sainaithint iomlán an duine a áirithiú. Déanfar na sonraí sórt sin a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

### 16.2.2. An dara leibhéal de mhalartú faisnéise

Féadfar faisnéis bhreise a mhalartú trí bhealaí iomchuí eile seachas BRIS. Má dhéantar malartú faisnéise an dara leibhéal trí BRIS, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach i bpointí 16.2.2.1, 16.2.2.2, 16.3.3 agus 16.3.4.

#### 16.2.2.1. Ceist an dara leibhéal faoi dhícháiliú

I gcás ina gcuirfidh Ballstát iarrtha in iúl i bhfreagra an chéad leibhéil go bhfuil duine ar leith dícháilithe nó go bhfuil sé taifeadta in aon cheann dá chláir ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le dícháiliú stiúrthóirí, féadfaidh na Ballstáit iarrthacha tuilleadh faisnéise a iarraidh ar an mBallstát iarrtha maidir leis an duine a shainaithnítear i gceist an chéad leibhéil.

Cumhdófar le ceist an dara leibhéal an duine céanna le ceist an chéad leibhéil agus freagra an chéad leibhéil.

#### 16.2.2.2 Freagra an dara leibhéal maidir le dícháiliú

Féadfaidh an Ballstát iarrtha a chinneadh, faoina dhlí náisiúnta, cén fhaisnéis bhreise a bheidh le cur ar fáil. I gcás nach ceadmhach de réir dhlí náisiúnta an Bhallstáit tuilleadh malartaithe faisnéise, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhallstát iarrthach dá réir.

### 16.3. *Liosta mionsonraithe na sonraí*

Le haghaidh malartú faisnéise faoi stiúrthóirí dícháilithe, cuirfidh na Ballstáit na sonraí seo a leanas san áireamh.

### 16.3.1. Ceist an chéad leibhéil faoi dhícháiliú

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht [1] | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an cheist seo | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/Aitheantóir na heagraíochta a eisíonn an cheist seo | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/Aitheantóir chlár an Bhallstáit iarrtha | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Ceist an chéad leibhéil faoi dhícháiliú<br>Más duine nádúrtha an duine a rinne iarratas ar bheith ina stiúrthóir | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Céadainm | Céadainm an duine a rinne iarratas ar bheith ina stiúrthóir | 1 | Téacs |
| Sloinne | Sloinne an duine a rinne iarratas ar bheith ina stiúrthóir | 1 | Téacs |
| Dáta breithe | Dáta breithe an duine a rinne iarratas ar bheith ina stiúrthóir | 1 | Dáta |
| Tuilleadh sonraí aitheantais | Tuilleadh sonraí a phróiseáiltear de réir dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 | 0…n | Téacs/dáta/aitheantóir |
| Ceist an chéad leibhéil faoi dhícháiliú Más duine dlítheanach an duine a rinne iarratas ar bheith ina stiúrthóir | | | |
| Ainm an eintitis dhlíthiúil | Ainm an eintitis dhlíthiúil a dhéanann iarratas ar bheith ina stiúrthóir | 1 | Téacs |
| Foirm dhlíthiúil | Foirm dhlíthiúil an eintitis dhlíthiúil a dhéanann iarratas ar bheith ina stiúrthóir | 1 | Cód<br>Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 den chuideachta de nó foirm dhlíthiúil eile má tá an t-eintiteas dlíthiúil lasmuigh de raon feidhme Threoir (AE) 2017/1132 |
| EUID | EUID más cuideachta í a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132. | 1 | Aitheantóir |
| Uimhir chlárúcháin eile | Uimhir chlárúcháin eile mura cuideachta í a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132. | 0 | Aitheantóir |
| Aitheantóir malartach | Aitheantóirí eile de chuid na cuideachta (e.g. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh) | 0…n | Aitheantóir |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

Soláthróidh na Ballstáit faisnéis maidir leis na modhanna sainaitheantais is gá chun faisnéis faoi stiúrthóirí dícháilithe a mhalartú go héifeachtúil. Féadfaidh sé gurb é a d'fhéadfadh a bheith san fhaisnéis sin ná na sonraí is gá a sholáthar chun na daoine a chumhdaítear le hiarraidh a shainaithint.

Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as modhanna ríomh-shainaitheantais freisin chun daoine a shainaithint i malartú faisnéise.

Ní sheolfar na ceisteanna lena gcumhdaítear duine dlítheanach ach amháin chuig na Ballstáit sin a cheadaíonn do dhaoine dlítheanacha a bheith ina stiúrthóirí agus inar ceadmhach dícháiliú daoine dlítheanacha den sórt sin.

16.3.2. Freagra an chéad leibhéil maidir le dícháiliú

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimhreacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an freagra seo | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/Aitheantóir na heagraíochta a eisíonn an freagra seo | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/Aitheantóir chlár an Bhallstáit iarrtha | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Is/ní/ní leor na sonraí ann le haghaidh aitheantais | "Is" má tá an duine dícháilithe nó má tá sé taifeadta in aon chlár dá chuid ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le dícháiliú stiúrthóirí<br>"Ní" mura bhfuil an duine dícháilithe nó mura bhfuil sé taifeadta in aon chlár dá chuid ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le dícháiliú stiúrthóirí<br>"Ní leor na sonraí ann le haghaidh aitheantais" mura féidir leis na sonraí a sholáthraítear an duine a shainaithint go hiomlán agus má tá tuilleadh faisnéise de dhíth. | 1 | Déan rogha |
| Tá tuilleadh sonraí aitheantais de dhíth | Sonraigh na sonraí is gá chun sainaithint iomlán a dhéanamh | 1…n (i gcás nach leor na sonraí ann le haghaidh aitheantais) | Téacs/dáta/aitheantóir |
| Ní sholáthrófar aon fhreagra dara leibhéal trí BRIS | Más "tá", rogha chun tabhairt le fios nach dtabharfar aon fhreagra ar cheist an dara leibhéal trí BRIS | 0 | Déan rogha |

([1]) I gcás ina mbeidh tuilleadh sonraí aitheantais de dhíth ar an mBallstát iarrtha chun sainaithint iomlán a áirithiú, soláthróidh an Ballstát iarrthach na sonraí agus úsáid á baint as an bhformáid teachtaireachta seo a leanas:

16.3.2.1 Soláthar tuilleadh sonraí aitheantais

I gcás ina mbeidh tuilleadh sonraí aitheantais de dhíth ar an mBallstát iarrtha chun sainaithint iomlán a áirithiú, soláthróidh an Ballstát iarrthach na sonraí agus úsáid á baint as an bhformáid teachtaireachta seo a leanas:

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht [1] | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an cheist seo | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/Aitheantóir na heagraíochta a eisíonn an cheist seo | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/Aitheantóir chlár an Bhallstáit iarrtha | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Tuilleadh sonraí aitheantais | Tuilleadh sonraí atá de dhíth ar an mBallstát iarrtha chun sainaithint iomlán a áirithiú, tuilleadh sonraí a phróiseáiltear de réir dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 | 1…n | Téacs/dáta/aitheantóir |

[1] Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

16.3.3. Ceist an dara leibhéal faoi dhícháiliú

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimh-reacht [1] | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an cheist seo | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/Aitheantóir na heagraíochta a eisíonn an cheist seo | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/Aitheantóir chlár an Bhallstáit iarrtha | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Tuilleadh faisnéise a iarraidh | Iarraidh le haghaidh tuilleadh faisnéise | 1…n | Tuilleadh faisnéise a iarraidh maidir le ceann amháin de na nithe seo a leanas ar a laghad:<br>— forais le haghaidh dícháiliú faoin dlí náisiúnta,<br>— dáta an chinnidh,<br>— tréimhse nó bailíocht an díchláilithe, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | — uimhir an chomhaid, eisitheoir an chinnidh.<br>— Faisnéis maidir le haon teorannú ar dhícháiliú den sórt sin (e.g. dícháiliú a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith) |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

16.3.4. Freagra an dara leibhéal faoi dhícháiliú

| An cineál sonraí | Tuairisc | Bunuimhreacht ([1]) | Tuairisc bhreise |
|---|---|---|---|
| An dáta agus an t-am Eisiúna | An dáta agus an t-am a seoladh an freagra seo | 1 | Dáta agus Am |
| An eagraíocht eisiúna | Ainm/Aitheantóir na heagraíochta a eisíonn an freagra seo | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| An eagraíocht is faighteoir | Ainm/Aitheantóir chlár an Bhallstáit iarrthaigh | 1 | Struchtúr shonraí an pháirtí |
| Tagairt reachtaíochta | Tagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó do reachtaíocht ábhartha an Aontais | 0…n | Téacs |
| Tuilleadh eolais | Iarraidh le haghaidh tuilleadh faisnéise | 1…n | Tuilleadh faisnéise maidir le ceann amháin de na nithe seo a leanas ar a laghad:<br>— forais le haghaidh dícháiliú faoin dlí náisiúnta,<br>— dáta an chinnidh,<br>— tréimhse nó bailíocht an dícháilithe,<br>— uimhir an chomhaid, eisitheoir an chinnidh.<br>— Faisnéis maidir le haon teorannú ar dhícháiliú den sórt sin (e.g. dícháiliú a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith)<br>— Ní sholáthraítear aon fhaisnéis bhreise i gcás nach gceadaítear tuilleadh faisnéise a mhalartú le dlí náisiúnta an Bhallstáit – liosta sonraí nach soláthraítear tuilleadh faisnéise air.<br>(is féidir doiciméid a cheangal) |

([1]) Ciallaíonn bunuimhreacht 0 go bhfuil na sonraí roghnach. Ciallaíonn bunuimhreacht 1 go bhfuil na sonraí éigeantach. Ciallaíonn bunuimhreacht 0…n nó 1…n go bhféadfar níos mó ná píosa amháin den chineál céanna sonraí a sholáthar

16.4. *Oibriú an mhalartaithe faisnéise*

Cuirfidh na Ballstáit in iúl má tá deacrachtaí acu mar gheall ar líon ard ceisteanna a fuarthas. I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit measúnú ar an tsaincheist d'fhonn oibriú rianúil an mhalartaithe faisnéise agus tuilleadh forbartha ar an gcóras a áirithiú.